museum
National Museum of Ireland
*Ard-Mhúsaem na hÉireann*

# Bainisteoir Tráchtála
# Ard-Oifigeach Feidhmiúcháin
# Conradh Dhá Bhliain, ar Théarma Seasta

**LEABHRÁN EOLAIS**

Tá **Ard-Mhúsaem na hÉireann (an Ard-Mhúsaem)** ag lorg iarratas ó iarrthóirí oiriúnacha chun an post seo a leanas a líonadh: **Bainisteoir Tráchtála (Ard-Oifigeach Feidhmiúcháin)** in Ard-Mhúsaem na hÉireann, Ealaíona Maisiúla & Stair, Dún Uí Choileáin, Sráid na Binne Boirbe, Baile Átha Cliath 7. Is post ar chonradh dhá bhliain, ar théarma seasta é seo. Líonfar an post seo trí agallaimh oscailte iomaíochta a dhéanamh.

**Teideal an Phoist**

Bainisteoir Tráchtála (Ard-Oifigeach Feidhmiúcháin)

**Láthair**

Beidh sealbhóir an phoist lonnaithe in Ard-Mhúsaem na hÉireann – Na hEalaíona Maisiúla agus Stair go príomha i nDún Uí Choileáin, Sráid na Binne Boirbe, Baile Átha Cliath 7 nó in aon láithreán eile de chuid Ard-Mhúsaem na hÉireann (AMÉ), de réir mar a ainmníonn an Stiúrthóir é ó am go chéile mar gheall ar fheidhmíocht na ndualgas. D'fheadfadh sé a bheith riachtanach don Ard-Oifigeach Feidhmiúcháin - Gnóthaí Tráchtála taisteal go láithreáin ar bith de chuid an Mhúsaeim.

**Ag obair faoi**

Beidh an sealbhóir poist ag obair faoin Stiúrthóir Oibríochtaí.

**Cuspóir an Phoist**

Fáiltíonn Ard-Mhúsaem na hÉireann roimh níos mó ná milliún cuairteoir go bliantúil chuig ár gceithre mhúsaem agus le bailiúchán sár-thábhachtach, cuireann Ard-Mhúsaem na hÉireann deiseanna ar fáil le bheith spreagtha, rannpháirteach agus eolach trí imeachtaí, taispeántais agus cláir phoiblí atá cuimsitheach agus inrochtana. Tá sé mar aidhm againn a chinntiú go bhfuil ár ngníomhaíochtaí fadréimseach agus féachaimid le dul i dteagmháil le daoine a thugann cuairt ar ár n-iarsmalanna, a nascann linn ar líne nó trínár gcláir imeachtaí agus spásanna.

Tá ról lárnach ag an mBainisteoir Tráchtála in Ard-Mhúsaem na hÉireann agus stiúrfaidh agus bainisteoidh sé gach giniúint ioncaim agus gníomhaíochtaí tráchtála ag an músaem le fócas ar bhainistiú imeachtaí.

Beidh cuntas teiste ag an iarrthóir idéalach a léiríonn paisean don chruthaitheacht agus do sheirbhís do chustaiméirí. Tuigfidh an t-iarrthóir misean agus spriocanna Ard-Mhúsaem na hÉireann go compordach, agus cinnteoidh sé go gcomhlíontar na gníomhaíochtaí tráchtála go héifeachtúil agus go héifeachtach i gcomhréir lenár bplean straitéiseach.

Beidh sé de chúram ar shealbhóir an phoist an toradh tráchtála don Mhúsaem a uasmhéadú ó ghníomhaíochtaí reatha, lena n-áirítear imeachtaí ar mhórscála agus imeachtaí corparáideacha, fruiliú ionaid, caifé agus lónadóireacht ar an láthair, cearta agus atáirgthe, miondíol, agus deonacháin cuairteoirí. Déanfaidh an ról maoirsiú ar chlár gnóthach mórscála agus imeachtaí corparáideacha agus soláthróidh sé treoir straitéiseach d'fheidhm mhiondíola an Mhúsaeim.

Oibreoidh sealbhóir an phoist freisin chun deiseanna tráchtála nua féideartha ó sheirbhísí agus ó shócmhainní na Músaem a aimsiú trí fhoinsí cuí eile lena n-áirítear gníomhaíocht ar líne.

Ina theannta sin, cabhróidh sealbhóir an phoist leis an Stiúrthóir Oibríochtaí maidir leis na gníomhaíochtaí tráchtála, daonchairdiúla agus urraíochta a bhaineann le clár tionscadal caipitil an mhúsaeim.

**Príomhdhualgais agus Freagrachtaí:**

**Dualgais agus Freagrachtaí**

Tagann príomhdhualgais agus freagrachtaí an róil seo faoi phríomhchatagóirí mar seo a leanas:

- Forbairt straitéiseach agus bainistíocht ar ghníomhaíochtaí tráchtála a chur ar fáil ar fud an Mhúsaeim.
- Dualgais bhainistíochta líne a dhéanamh don fhoireann forbartha tráchtála (3 ball foirne, móide foireann miondíola).
- Brabúsacht ghlan ghníomhaíochtaí imeachtaí tráchtála an Mhúsaeim a bhainistiú agus a mhéadú de réir spriocanna comhaontaithe, lena n-áirítear imeachtaí ar mhórscála agus imeachtaí corparáideacha, fruiliú ionaid, caifé agus lónadóireacht ar an láthair, agus gníomhaíochtaí eile ginte ioncaim.
- Plean giniúna ioncaim don Mhúsaem a phleanáil, a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, i gcomhairle leis an Stiúrthóir Oibríochtaí, lena n-áirítear spriocanna bliantúla comhaontaithe a shocrú, monatóireacht agus tuairisciú ar dhul chun cinn, iad seo ar fad ag teacht le plean straitéiseach agus pleananna gnó bliantúla an Mhúsaeim.
- Comhairle agus ionchur tráchtála a sholáthar i moltaí forbartha comhpháirtíochta atá á bhforbairt ag an Músaem le haghaidh tionscadal agus gníomhaíochtaí.
- Oibriú le comhlachtaí maoinithe poiblí ar nós Fáilte Éireann ar chláir forbartha agus cúnamh deontais, lena n-áirítear maoirsiú a dhéanamh ar iarratais ar dheontais.
- A bheith i gceannas ar sholáthar sainchomhairle agus saineolais ábhartha de réir mar is gá sa rannóg forbartha tráchtála.
- Cuidiú leis an Stiúrthóir Oibríochtaí i seachadadh codanna ábhartha de thionscadal claochlaithe taithí cuairteoirí.
- Oibriú leis an Stiúrthóir Oibríochtaí lena chinntiú go bhfuil imeachtaí agus cláir tráchtála Ard-Mhúsaem na hÉireann ag teacht lenár n-éiteas inbhuanaitheachta agus go bhforbróidh siad straitéis imeachtaí glasa.
- Comhlíontacht a chinntiú leis na ceanglais dlí, rialacháin, prótacail agus dea-chleachtais ábhartha uile i ngach gníomhaíocht gnó de chuid an Mhúsaeim.
- Buiséad leithdháilte a chothabháil agus a thuairisciú agus oibriú le hAonad Airgeadais an Mhúsaeim chun córais bhainistíochta airgeadais chuí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm do gach gníomhaíocht tráchtála ar fud an Mhúsaeim.
- Oibriú leis an Stiúrthóir Oibríochtaí agus an Stiúrthóir ar urraíocht ionchasach agus ar ghníomhaíocht dhaonchairdiúil do chlár oibreacha caipitil Ard-Mhúsaem na hÉireann, lena n-áirítear oibriú le comhairleoirí arna gceapadh go seachtrach ar ullmhú doiciméad beartais agus straitéise.
- Pleanáil agus seachadadh an chláir imeachtaí reatha a threorú ar fud na gceithre shuíomh go léir le fócas ar shuíomh Dhún Uí Choileáin, lena n-áirítear oibriú le príomhpháirtithe leasmhara chun imeachtaí a phleanáil agus a sheachadadh.
- Beartas agus straitéis imeachtaí a chur i bhfeidhm agus a chur chun feidhme chun a chinntiú go mbeidh imeachtaí sa todhchaí inbhuanaithe i bhfianaise acmhainní reatha an mhúsaeim.

- A chinntiú go gcomhlíonann an clár imeachtaí cuspóirí Ard-Mhúsaem na hÉireann agus go nascann sé le gníomhaíochtaí oibríochtúla eile agus go gcomhlíonfaidh sé spriocanna inbhuanaitheachta Ard-Mhúsaem na hÉireann.
- Oibriú le Ceannasaí na nEastát chun a chinntiú go mbaintear na caighdeáin uile Sláinte agus Sábháilteachta, dlí agus dea-chleachtais amach.
- Ionadaíocht a dhéanamh d'Ard-Mhúsaem na hÉireann le hOifig na nOibreacha Poiblí maidir le húsáid spásanna Oifig na nOibreacha Poiblí agus bainistigh an próiseas ceadaithe le haghaidh imeachtaí ar scála mór le hOifig na nOibreacha Poiblí, ag déanamh cumarsáide leis na comhpháirtithe agus na geallsealbhóirí go léir.
- Caibidlíocht Ard-Mhúsaem na hÉireann a threorú le tionscnóirí, geallsealbhóirí, cuideachtaí bainistithe imeachtaí, cuideachtaí sábháilteachta ar gach céim d'imeachtaí ón teagmháil tosaigh go dtí an cur i bhfeidhm, lena n-áirítear tógáil imeachtaí agus sosanna.
- Grúpaí oibre tras-rannacha a bhainistiú agus bainistíocht caidrimh leanúnach agus idirchaidreamh éifeachtach le ranna eile Ard-Mhúsaem na hÉireann agus páirtithe leasmhara seachtracha a chinntiú.
- Coimeád ceart taifead agus sreabhadh ceart na doiciméadachta cirte i ndáil le himeachtaí ar mhórscála a chinntiú.
- Deiseanna d'imeachtaí nua a bhunú lena n-áirítear ioncam imeachtaí a éagsúlú.
- Buiséad imeachtaí agus coinnigh smacht ar bhuiséid agus ar chostais imeachtaí.
- Cur le cáil Ard-Mhúsaem na hÉireann as eispéiris chustaiméara den scoth agus an cháil sin a chothabháil.
- A chinntiú go gcoimeádtar Buan-Nósanna Imeachta Oibríochta (SOP) le haghaidh imeachtaí cothrom le dáta agus go bhfuil gach ball foirne muiníneach as iad a leanúint.
- Comhoibriú le príomhpháirtithe leasmhara inmheánacha ar nós Cláir Foghlama agus Poiblí agus le foireann Margaíochta Ard-Mhúsaem na hÉireann chun an clár imeachtaí a bhainistiú agus a chur chun cinn go héifeachtach.
- Tuarascálacha leanúnacha ar imeachtaí agus gníomhaíochtaí mórscála a sholáthar do Bhord an Mhúsaeim, don Stiúrthóir, agus don Stiúrthóir Oibríochtaí.
- Beidh roinnt oibre tráthnóna agus deireadh seachtaine i gceist leis an bpost seo maidir le maoirseacht agus seachadadh gníomhaíochtaí agus imeachtaí tráchtála.

**<u>Miondíol agus Lónadóireacht</u>**

- Maoirseacht a dhéanamh ar sheachadadh na feidhme miondíola ag an Músaem ar fud na gceithre shuíomh.
- Freagracht bhainistíocht líne as Oifigeach Feidhmiúcháin na Seirbhísí Miondíola.
- Treoir straitéiseach a sholáthar d'fheidhm mhiondíola an Mhúsaeim chun feidhmíocht tráchtála a fheabhsú trína láimhdeachas a mhéadú agus díolacháin a uasmhéadú.
- Maoirseacht a dhéanamh ar bheartais, nósanna imeachta, agus straitéis na roinne d'fheidhm na miondíola, agus cur leo sin freisin.
- Tuarascálacha leanúnacha ar straitéis agus gníomhaíocht mhiondíola a chur ar fáil do Bhord an Mhúsaeim, don Stiúrthóir, agus don Stiúrthóir Oibríochtaí.

- Oibriú le hAonad Airgeadais an Mhúsaeim chun maoirsiú a dhéanamh ar bhuiséid agus ar chostais mhiondíola agus chun córais bhainistíochta airgeadais chuí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm do gach gníomhaíocht mhiondíola ar fud an Mhúsaeim.
- Conarthaí lónadóireachta Ard-Mhúsaem na hÉireann a bhainistiú, lena n-áirítear soláthar caifé ag ár suíomhanna poiblí, seachadadh iomlán Comhaontuithe Leibhéal Seirbhíse conartha a chinntiú agus infhaighteachtroghanna bia/deoch d'ardcháilíocht chuí.

**Sonraíocht Phearsanta**

**Príomhcháilíochtaí atá ag Teastáil:**

**Bunriachtanais:**

- Os cionn 4 bliana de thaithí i bhforbairt tráchtála agus i róil bainistíochta.
- Teist cruthaithe maidir le raon gníomhaíochtaí tráchtála a bhainistiú lena n-áirítear imeachtaí ar mhórscála agus imeachtaí corparáideacha agusbainistiú réamhghníomhach conartha.
- Scileanna ceannasaíochta foirne agus bainistithe daoine dea-fhorbartha
- Taithí agus saineolas arbhainistiú airgeadais, lena n-áirítear bainistiúbuiséad.
- Scileanna cumarsáide den scoth: béil, scríofa agus idirphearsanta
- Scileanna láidre Microsoft Excel agus ard-líofacht i gcláir Microsoft Office eile lena n-áirítear Word,PowerPoint, agus Outlook.

**Riachtanais Inmhianaithe:**

- Cáilíocht tríú leibhéal (Leibhéal 8 CNC nó níos airde) sa Ghnó nó cáilíocht eile ábhartha agus iomchuí is inghlactha don Mhúsaem.
- Taithí in earnáil na músaem, in earnáil na ndánlanna, in earnáil na hoidhreachta, nó san earnáil chultúrtha.
- Taithí i mBainistíocht Phoiblí na hearnála poiblí.
- Taithí i mbainistiú conraitheoirí.
- Saineolas ar reachtaíocht cánach ábhartha, lena n-áirítear rialacháin CBL.
- Duine atá ábalta iad féin a spreagadh, atá solúbtha agus a bhaineann sprioc-amanna amach.
- Líofacht sa Ghaeilge.
- An cumas obair a dhéanamh faoi bhrú agus déileáil le cásanna dúshlánacha.

**Próiseas Roghnúcháin**

Sa chás go bhfaightear líon iarratas a sháraíonn go mór an líon is gá chun na folúntais atá ann cheana agus a mheastar a bheidh ann amach anseo a líonadh thar shaolré an phainéil, féadfaidh Ard-Mhúsaem na hÉireann próiseas gearrliostaithe a chur i bhfeidhm chun líon iarrthóirí a roghnú a dtabharfar cuireadh chun agallaimh dóibh ar bhunús na faisnéise atá ina n-iarratais. Ní hionann sin is a rá go bhfuil iarrthóirí eile mí-oiriúnach nó nach mbeadh sé ar a gcumas an bpost a chomhlíonadh, ach go bhfuil roinnt iarrthóirí ann ar bhonn an eolais a cuireadh ar fáil, cáilithe níos fearr, agus/nó a bhfuil níos mó taithí ábhartha acu.

Ní aisíocann Ard-Mhúsaem na hÉireann costas taistil chuig agallamh.

Riachtanais Saoránachta

Ní mór d'iarrthóirí incháilithe a bheith ina:

(a) Saoránach den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch. Tá LEE comhdhéanta de Bhallstáit an Aontais Eorpaigh, an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua; nó

(b) ina saoránaigh den Eilvéis de bhun an chomhaontaithe idir AE agus an Eilvéis maidir le saorghluaiseacht daoine; nó

(c) ina saoránaigh nach saoránaigh LEE iad ach ar céile nó leanbh de chuid saoránach LEE nó na hEilvéise iad agus a bhfuil víosa stampa 4 acu; nó

(d) Duine ar dámhadh cosaint idirnáisiúnta faoin Acht um Chosaint Idirnáisiúnta 2015 nó aon bhall teaghlaigh atá i dteideal fanacht sa Stát mar thoradh ar athaontú teaghlaigh agus a bhfuil víosa stampa 4 aige nó aici; nó

(e) Duine nach saoránach LEE é ar tuismitheoir linbh chleithiúnaigh é atá ina shaoránach LEE, agus a chónaíonn i mballstát LEE nó san Eilvéis agus a bhfuil víosa stampa 4 aige nó aici.

Chun bheith incháilithe ní mór d'iarrthóirí ceann de na critéir shaoránachta thuasluaite a chomhlíonadh faoin dáta a ndéantar aon tairiscint poist.

***Nóta maidir le saoránaigh RA:*** Deimhníodh sa chaibidlíocht faoin Bhreatimeacht idir AE agus RA a tugadh chun críche le déanaí nach bhfuil aon athrú ar an gComhaontú um Chomhlimistéar Taistil a bhí ann le fada idir RA agus Éire tar éis na Breatimeachta. Dá réir sin, tá saoránaigh RA fós i dteideal oibriú agus cónaí in Éirinn gan srian agus, mar sin, tá siad i dteideal iarratas a dhéanamh chun dul san iomaíocht sa chomórtas seo má chomhlíonann siad na critéir cháilitheachta eile go léir. Tá tuilleadh faisnéise maidir leis an gComhlimistéar Taistil ar fáil anseo.

Scéim Dreasaithe um Luathscor (ISER):

Tá sé mar choinníoll den Scéim Dreasachta um Luathscor (ISER) mar atá leagtha amach i gCiorclán 12/09 na Roinne Airgeadais go bhfuil cosc ar dhaoine atá ar scor, faoin Scéim, iarratas a dhéanamh ar phost eile san fhostaíocht chéanna nó san earnáil chéanna. Mar sin, ní fhéadfaidh a leithéid de dhaoine a chuaigh ar scor cur isteach ar an bpost seo.

Ciorclán na Roinne Sláinte agus Leanaí (7/2010):

Thug Ciorclán na Roinne Sláinte 7/2010 dar dáta an 1 Samhain 2010 isteach Scéim Spriocdhírithe um Luathscor Deonach (VER) agus Scéimeanna Iomarcaíochta Deonacha (VRS). Is coinníoll den scéim VER é nach mbeidh daoine a bhaineann leas as an scéim i dteideal a bheith athfhostaithe san earnáil sláinte poiblí nó sa tSeirbhís Phoiblí níos leithne nó i gcomhlacht atá maoinithe go hiomlán nó go príomha ó chistí poiblí. Tá feidhm ag an toirmeasc céanna ar athfhostú faoin VRS, ach amháin go bhfuil an toirmeasc ar feadh tréimhse 7 mbliana i gceist, agus ina dhiaidh sin beidh gá le ceadú an Aire Caiteachais Phoiblí agus

Athchóirithe a fháil d'aon athfhostú. Níl daoine a bhain leas as ceachtar den dá scéim sin i dteideal dul san iomaíocht sa chomórtas seo.

Comhaontú Comhchoiteann: Íocaíochtaí Iomarcaíochta le Seirbhísigh Phoiblí:
Thug litir na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe dar dáta an 28 Meitheamh 2012 chuig Oifigigh Pearsanra isteach, le héifeacht ón 1 Meitheamh 2012, Comhaontú Comhchoiteann ar thángthas air idir an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus Coiste Seirbhísí Poiblí Chomhar Ceardchumann na hÉireann (ICTU) maidir le Íocaíochtaí Iomarcaíochta ex-gratia le Seirbhísigh Phoiblí go mbeidh sé mar choinníoll den Chomhaontú Comhchoiteann nach mbeidh daoine a bhaineann leas as an gcomhaontú sin incháilithe lena n-athfhostú sa tseirbhís phoiblí ag aon chomhlacht seirbhíse poiblí (mar atá sainmhínithe sna hAchtanna um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail 2009 – 2011) ar feadh tréimhse 2 bhliana ó fhoirceannadh na fostaíochta. Ina dhiaidh sin beidh toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ag teastáil roimh aon athfhostú. Beidh ar dhaoine a bhain leas as an scéim seo agus a d'fhéadfadh an rath a bheith orthu sa chomórtas seo a n-incháilitheacht a chruthú (deireadh na tréimhse neamh-incháilitheachta) agus ní mór toiliú an Aire a fháil sula bhfostaítear iad in aon chomhlacht seirbhíse poiblí.

Dearbhú: Ceanglófar ar iarratasóirí a dhearbhú ar bhain siad leas as scéim dreasachta luathscoir na seirbhíse poiblí roimhe sin nó nár bhain. Ceanglófar ar iarratasóirí freisin aon teidlíochtaí atá acu i leith sochar pinsin seirbhíse poiblí (in íocaíocht nó caomhnaithe) ó aon fhostaíocht seirbhíse poiblí eile a dhearbhú agus/nó i gcás ina bhfuil íocaíocht in ionad faighte acu i leith seirbhíse in aon fhostaíocht sa tseirbhís phoiblí.

**TREORACHA AN IARRATAIS**

Cuirtear iarratais isteach sa chuid folúntais ar **shuíomh Gréasáin Ard-Mhúsaem na hÉireann:** https://www.museum.ie/en-IE/About/Careers/Vacancies

Tá sé riachtanach go gcomhlánaíonn iarrthóirí foirm iarratais agus go gcuireann siad CV atá cothrom le dáta agus litir chlúdaigh isteach. Ní mór don fhoirm iarratais a líonadh isteach go hiomlán agus í a chur isteach i gclóscríbhinn. Ní ghlacfar le foirmeacha iarratais lámhscríofa. **Iarraimid go ndéanfar na trí dhoiciméad a chomhcheangal agus a chur isteach in aon PDF amháin.**
Mura ndéanann tú amhlaidh, beidh an t-iarratas neamhiomlán, agus ní bhreithneofar é.

Chun tús a chur leis an bpróiseas iarratais, tabhair cuairt ar ár leathanach Folúntais.

Céimeanna le clárú:

- Téigh go dtí an leathanach Folúntais agus roghnaigh an post atá tú ag iarraidh cur isteach air.
- Léigh an Leabhrán Eolais le haghaidh sonraí iomlána maidir leis an bpost.
- Tá na cáipéisí atá ag teastáil le feiceáil ar an leathanach seo mar naisc.
- Cliceáil gach cáipéis, agus osclóidh sé i bhfuinneog nua. Déan gach cáipéis a íoslódáil/shábháil ar do ríomhaire/ghléas.
- Comhlánaigh na doiciméid atá ag teastáil agus nasc le chéile iad in aon PDF amháin mar aon le do CV agus do litir chlúdaigh.
- Nuair atá sé sin críochnaithe, téigh ar ais go dtí suíomh gréasáin AMÉ chun an próiseas iarratais a chur i gcrích.
- Arís, ón leathanach Folúntais, faigh an post ar mhian leat cur isteach air.
- Cliceáil an cnaipe **Cuir Isteach Air Anois**.
- Cuir an fhoirm i gcrích.
- Déan do PDF comhcheangailte aonair a uaslódáil.
- Déan an seiceáil Captcha agus cliceáil **Cuir Isteach d'Iarratas**.

Cuir **ríomhphost bailí a dhéantar monatóireacht air** ar fáil. Úsáidfear an ríomhphost mar admháil ar d'iarratas agus mar phríomhbhealach teagmhála chun teagmháil a dhéanamh le hiarrthóirí.

## Spriocdháta le haghaidh Iarratais

## Ní mór iarratais a fháil tráth nach déanaí ná 17:00 Dé hAoine an 10 Bealtaine 2024

**Ní ghlacfar le foirmeacha iarratais déanacha.** Cloífear leis an dáta agus an t-am go dian, agus dá bhrí sin, tá an fhreagracht ar an iarrthóir a chinntiú go bhfaightear an t-iarratas roimh an spriocdháta.

**Ní ghlacfar leis an gcanbhasáil.**

**Príomhchoinníollacha seirbhíse**

**Pá:**

Seo a leanas an scála tuarastail don phost seo: Ard-Oifigeach Feidhmiúcháin de Ghrád Scála RPP (Síneadh ar Mhóiminteam a Fhorbairt 1 Deireadh Fómhair 2023 — An ceann is fearr as 1.5% nó €750):

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| €54,764 | €56,365 | €57,963 | €59,560 | €61,163 | €62,758 | €64,358 | €66,667 | €68,970 |
| **1** | **2** | **3** | **4** | **5** | **6** | **7 NMAX** | **8 LSI1*** | **9 LS12**** |

Faoi réir feidhmíocht shásúil, d'fhéadfadh sé go mbeadh incrimintí iníoctha de réir Bheartas reatha an Rialtais.

* Tar éis 3 bliana de sheirbhís shásúil ar phá uasta
**Tar éis 6 bliana de sheirbhís shásúil ar phá uasta

**Tuarastal Tosaigh**
Beidh iontráil ag leibhéal íosta an scála - **€54,764** sa bhliain, an chéad phointe ar Ghrád Scála RPP d'Ard-Oifigeach Feidhmiúcháin (Síneadh um Fhorbairt Móimintim 1 Deireadh Fómhair 2023 — An ceann is fearr as 1.5% nó €750). Féadfar an ráta luach saothair a choigeartú ó am go chéile de réir bheartas pá an Rialtais.

**Fad na Fostaíochta**
Beidh conradh lánaimseartha, dhá bhliain, ar théarma seasta ag baint leis an gceapachán seo, rud a bhraithfidh ar an gcáilíocht promhaidh ar feadh tréimhse **bliana**. Féadfaidh ceachtar taobh an ceapachán a fhoirceannadh tráth ar bith de réir na nAchtanna um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta, 1973 agus 1991.

**Saoire bhliantúil**
Beidh **29** lá oibre ann mar shaoire bhliantúil sa bhliain. Tá an tsaoire seo bunaithe ar sheachtain cúig lá agus ní áirítear léi na gnáth-laethanta saoire poiblí.

**Uaireanta Tinrimh**
Socrófar uaireanta tinrimh ó am go chéile de réir comhaontuithe lárnacha ach ní bheidh siad níos lú ná 43.25 uair an chloig comhlán in aghaidh na seachtaine (35 ghlanuair an chloig in aghaidh na seachtaine). Tá uaireanta solúbtha oibre i gceist a thagann le polasaí Ard-Mhúsaem na hÉireann maidir le uaireanta solúbtha oibre.

Aontóidh tú chun comhoibriú d'fhonn cuidiú le AMÉ taifead cruinn a choinneáil ar do chuid uaireanta oibre ar mhaithe le *hAlt 25 d'Acht um Eagrú Am Oibre, 1997.*

**Dualgais**
Beidh ort aon dualgais a d'fhéadfaí a shannadh duit ó am go ham a chomhlíonadh de réir mar is cuí don phost. Beidh an post lánaimseartha agus ní bheidh baint agat le haon ghnó seachtrach a chuirfeadh isteach ar chomhlíonadh dualgas oifigiúil. Aontaíonn tú chun tabhairt faoi na dualgais a ghabhann leis an bpost agus chun glacadh leis na coinníollacha faoina gcomhlíontar na dualgais, nó faoina bhféadfadh sé a bheith riachtanach iad a chomhlíonadh.

**Ginearálta**
Tá an ceapachán faoi réir Achtanna Rialaithe na Státseirbhíse, 1956 go 1996, an tAcht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin) 2004 agus aon Acht eile atá i bhfeidhm faoi láthair a bhaineann leis an státseirbhís. Beidh an té a cheapfar faoi réir bheartais an Ard-Mhúsaeim maidir leis an gCód Caighdeán agus Iompair.

**Aoisliúntas agus Scor**
Déanfar na téarmaí agus coinníollacha aoisliúntais cuí mar atá in Ard-Mhúsaem na hÉireann a thairiscint don iarrthóir rathúil nuair a thairgfear an ceapachán. Go ginearálta, agus seachas i gcás iarrthóirí a d'oibrigh i bpost seirbhíse poiblí inphinsin (nár bhain téarmaí na scéime aonair leis) sna 26 sheachtaine roimh an gceapachán (féach mír d thíos), ciallaíonn sé sin go ndéanfar ceapachán a thairiscint bunaithe ar bhallraíocht den Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair ("An Scéim Aonair"). Is iad seo a leanas na príomhfhorálacha a bhaineann le ballraíocht na Scéime Aonair:

**a. Aois Inphinsin**
Is í an aois íosta dá bhfuil pinsean iníoctha ná 66 (ag éirí go 67 agus 68) ag teacht le hathruithe ar aois an Phinsin Stáit.

**b. Aois Scoir:**
Ní mór do chomhaltaí na scéime dul ar scor nuair a bheidh siad 70 bliain d'aois.

**c. Laghdú Pinsin**

- Más rud é go raibh an té a cheapfar fostaithe sa Státseirbhís roimhe seo agus go bhfuil sé ag fáil pinsin ón Státseirbhís beidh feidhm ag gnáthrialacha faoi laghduithe. Mar sin féin, má bhí an té a cheapfar fostaithe sa Státseirbhís roimhe sin agus más rud é gur bronnadh pinsean air faoi shocruithe luathscoir deonacha (seachas faoin Scéim Dreasachta Luathscoir (ISER) nó Ciorclán na Roinne Sláinte 7/2010 VER/VRS, mar a tugadh le fios thuas rud a fhágann nach bhfuil duine incháilithe don chomórtas) cuirfear deireadh leis an teidlíocht don phinsean sin le héifeacht ó dháta an athcheaptha. Déanfar socruithe speisialta, áfach, chun seirbhís roimhe sin a thug an té a cheapfar a ríomh chun críche aon dámhachtana aoisliúntais amach anseo a bhféadfadh an té a cheapfar a bheith incháilithe ina leith.

- Má bhí an duine a cheapfar fostaithe roimhe seo sa Státseirbhís nó sa tSeirbhís Phoiblí tabhair faoi deara go bhfuil foráil san Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012 a leathnaíonn laghdú pinsin do gach Státseirbhíseach agus Seirbhíseach Poiblí atá athfhostaithe sa chás go bhfuil pinsean Seirbhíse Poiblí á íoc. Tháinig an fhoráil seo chun laghdú a chur i bhfeidhm ar fud na seirbhíse poiblí níos leithne i bhfeidhm an 1 Samhain 2012. **D'fhéadfadh impleachtaí pinsin a bheith aige seo d'aon duine a cheapfar sa phost seo atá ag fáil pinsean Státseirbhíse nó Seirbhíse Poiblí faoi láthair nó a bhfuil pinsean caomhnaithe Sibhialta nó Seirbhíse Poiblí aige a bheidh iníoctha le linn a fhostaíochta sa phost seo.**

- **Ciorclán 102/2007 de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna faoin Scéim Luathscoir do Mhúinteoirí**
  Thug an Roinn Oideachais agus Scileanna isteach Scéim Luathscoir do Mhúinteoirí. Is coinníoll den Scéim Luathscoir é, seachas na cásanna atá leagtha amach in Alt 10.2

agus in Alt 10.3 de cháipéisíocht ábhartha an chiorcláin, agus leis na heisceachtaí sin amháin, má ghlacann múinteoir le luathscor faoi **Shnáitheanna 1, 2 nó 3** den scéim seo agus go bhfuil sé fostaithe ina dhiaidh sin in aon cháil in aon chuid den earnáil phoiblí, **scorfar láithreach** d'íocaíocht pinsin leis an duine sin faoin scéim. Atosófar íocaíochtaí pinsin, áfach, ar scor den fhostaíocht sin nó ar 60ú breithlá an duine sin, cibé acu is déanaí, ach ar atosú, beidh an pinsean bunaithe ar sheirbhís ináirithe iarbhír an duine mar mhúinteoir (i.e. ní chuirfear na blianta breise a tugadh roimhe sin san áireamh agus íocaíocht an phinsin á ríomh).

- **Dul ar Scor de thoradh Drochshláinte.** Tabhair do d'aire sa chás go bhfuil duine scortha ó chomhlacht Státseirbhíse/Seirbhíse Poiblí ar fhorais drochshláinte go bhféadfadh a phinsean ón bhfostaíocht sin a bheith faoi réir athbhreithniú de réir na rialacha um scor de bharr drochshláinte laistigh de scéim phinsin na fostaíochta sin.

**d. Seirbhísigh Phoiblí roimhe seo**
Cé gurb é ballraíocht sa Scéim Aonair atá sna téarmaí réamhshocraithe pinsin atá leagtha amach sna hailt roimhe seo, ach b'fhéidir nach mbeidh sé seo i gceist i gcás daoine áirithe a cheapfar. Tugtar sonraí iomlána na gcoinníollacha a rialaíonn cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil seirbhíseach poiblí ina bhall den Scéim Aonair san Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha eile), 2012. Mar sin féin is í an príomheisceacht (i gcomhthéacs an chomórtais seo agus go ginearálta) ná maidir **le hiarrthóir rathúil a d'oibrigh i gcáil inphinsin (nach raibh faoi théarmaí na scéime aonair) sa tseirbhís phoiblí laistigh de 26 seachtaine ón am ar ghlac an an t-iarrthóir leis an gceapacháin nach mbeadh an té sin ina bhall den Scéim Aonair de ghnáth.** Sa chás sin thairgfí ballraíocht sa scéim pinsin do státseirbhísigh neamhbhunaithe ("Scéim Fostaithe Stáit Neamhbhunaithe") d'iarrthóir dá leithéid. Chiallódh sé seo go mbeadh feidhm ag na forálacha lacáiste ag (c) thuas, agus ina theannta sin bheadh impleachtaí ann maidir le fabhrú pinsin mar atá leagtha amach thíos:

**e. Fabhrú Pinsin**
Bheadh teorainn 40 bliain i bhfeidhm maidir leis an tseirbhís iomlán ar féidir a áireamh i leith pinsin i gcás go raibh duine ina bhall de níos mó ná scéim pinsin seirbhíse poiblí amháin. Tháinig an teorainn 40 bliain seo, dá bhforáiltear san Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha eile), 2012 i bhfeidhm ar an 28 Iúil 2012. **D'fhéadfadh impleachtaí a bheith aige seo d'aon duine a cheapfar a thuill cearta pinsin i bhfostaíocht seirbhíse poiblí roimhe seo.**

**f. Asbhaint a Bhaineann le Pinsean**
Tá an ceapachán seo faoi réir na hasbhainte a bhaineann le pinsin de réir an Achta um Bearta Airgeadais Éigeandála ar mhaithe le Leas an Phobail 2009. Le haghaidh tuilleadh faisnéise faoin Scéim Pinsin Seirbhísí Poiblí Aonair do Sheirbhísigh Phoiblí féach ar an suíomh Gréasáin seo a leanas: http://www.per.gov.ie/pensions

**Saoire bhreoiteachta**
Féadfar pá iomlán a cheadú nuair a bhíonn duine as láthair de bharr breoiteachta ach é sin a bheith deimhnithe i gceart, ar choinníoll nach bhfuil aon fhianaise ann faoi mhíchumas buan maidir le seirbhís, agus is féidir é a cheadú suas go dtí 92 lá ar a mhéid in aon bhliain amháin agus ar leathphá ina dhiaidh sin, faoi réir 183 lá saoire bhreoiteachta ar a mhéid a bheith ann in aon tréimhse ceithre bliana nó níos lú.

Ceanglófar ar an té a cheapfar mandáid a shíniú ag údarú don Roinn Coimirce Sóisialaí aon sochair atá dlite faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh a íoc go díreach le hArd-Mhúsaem na hÉireann agus beidh íocaíocht le linn breoiteachta faoi réir ag an oifigeach na héilimh riachtanacha a dhéanamh ar shochar árachais shóisialaigh chuig an Roinn Coimirce Sóisialaí laistigh de na teorainneacha riachtanacha ama.

**Rúndacht oifigiúil agus sláine**
Beidh an té a cheapfar faoi réir fhorálacha an Achta um Rúin Oifigiúla 1963, arna leasú leis an Acht um Shaoráil Faisnéise 1997. Aontóidh an té a cheapfar gan aon fhaisnéis rúnda a nochtadh do thríú páirtithe go háirithe faisnéis a bhfuil acmhainneacht tráchtála ag baint léi, le linn na tréimhse fostaíochta nó ina diaidh.

**Réamhcheadú maidir le foilsiú**
Aontóidh an té a cheapfar gan ábhar a bhaineann le dualgais oifigiúla a fhoilsiú gan cead a fháil roimh ré ó Stiúrthóir Ard-Mhúsaem na hÉireann.

**Gníomhaíocht pholaitiúil**
Le linn an téarma fostaíochta, beidh an té a cheapfar faoi réir na rialacha a rialaíonn státseirbhísigh agus polaitíocht.

**Tuilleadh sonraí**
Tá forálacha mionsonraithe maidir le téarmaí agus coinníollacha éagsúla eile, amhail catagóirí saoire (lena n-áirítear saoire mháithreachais, uchtála agus sláinte & sábháilteachta), cuid acu nó gach ceann díobh a d'fhéadfadh a bheith ábhartha don duine a cheapfar, leagtha amach i gciorcláin atá ar fáil ar www. personnelcode.gov.ie.

Is mar threoir amháin atá sé seo ceaptha. Eiseofar téarmaí agus coinníollacha iomlána mar chuid den chonradh fostaíochta.